



Polasaí : Polasaí Úsáide Inghlactha

Sonraí Scoile:

Ainm na Scoile: Gaelscoil Uí Drisceoil

Seoladh: Dúncitil, Gleann Maghair Co. Chorcaí

Uimhir gutháin: 0214822482

Ríomhphoist: gaelscoiluidrisceoil@gmail.com

Suíomh na Scoile: www.gaelscoiluidrisceoil.com

Catagóir: Gaelscoil Ilchreidmheach

23 oide

Uimhreacha ar rolla: 484

Réamh Raiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile i 2015 i gcomhairle le múinteoirí, baill den mBord Bainistíochta, agus tuismitheoirí agus déanadh athbhreithniúcháin ar i Mí Eanáir 2019.

Fealsúnacht na Scoile

Is Gaelscoil Uilchreideamhach í Gaelscoil Uí Drisceoil, agus is é seo éiteas na scoile

- **Gaelscoil** - scoil ina múintear gach ábhar trí Ghaeilge i dtimpeallacht spreagúil taitneamhach. Bíonn an Ghaeilge mar theanga phobail sa scoil idir páistí, múinteoirí agus an lucht bhainistíochta
- **Ilchreidmheach** - i.e. tá na cearta céanna iontrála ag gach leanbh, agus meas céanna ar a gcúrla sóisialta, culturtha, is religiúnda.
- **Comhoideachasúil** agus tiomanta chun leanaí a spreagadh lena réimse iomlán de chumais is deiseanna a iniúchadh
- **Leanbhhlárnach** i gcur chuige an oideachais
- **Daonlathach** ina eagrú is ina reachtáil, le tuistí gníomhach ins an scoil gach lá, fós ag dearbhú agus ag aithint ról proifisiúnta na múinteoirí.

Tá an Príomhoide agus Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta sásta aon mhí- chinnteacht i leith an Pholasaí seo a shoiléiriú. Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht go beacht lena chéile is ag an leagan Gaeilge a bheidh tosaíocht.

An Gaol le Fealsúnacht na scoile

D'fhéadfadh úsáid fóin poca agus giúirléidí eile leictreonacha gan chead údaraithe, timpeallacht baolach a chruthú do pháistí agus don fhoireann faoin ár gcúram. Seachas go bhfuil gléasanna teicneolaíoch curtha ar fáil ag an scoil chun cuspóir oideachais a bhaint amach, d'fhéadfadh a n-úsáid anacair a chruthú a bheadh go hiomlán i gcoinne éiteas na scoile. Is cion coiriúil é fón póca a úsáid chun cur isteach ar dhuine, duine a chiapadh nó duine a chiontú. Déan tagairt dár gCód Smachta agus dár bPolasaí Frithbhulaíochta.

Réasúnaíocht

Is í an aidhm atá ag an Polasaí Úsáide Inghlactha ná deimhin a dhéanamh de go mbainfear leas as na deiseanna foghlamtha atá soláthraithe ag acmhainní idirlíne scoile ar shlí shábháilte agus éifeachtach.

Féachtar ar úsáid agus rochtain Idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile.

- Is féidir le giúirléidí leictreonach ar nós IPod, fón soghluaiste, I pad, Seinnteoirí MP3 srl a bheith ionsáiteach agus suaiteach i suíomh scoile.
- Caithfear straitéisí a chur i bhfeidhm chun ionsáiteachas teicneolaíoch nach bhfuil ceadaithe a laghdú sa suíomh scoile.
- Is féidir fón soghluaiste a úsáid chun bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine.
- Is féidir le fón soghluaiste a bheith luachmhar agus páiste a bheith i suíomh go mbeadh an fón goidte uathu.
- D'fhéadfadh fón soghluaiste éad a tharraingt ar pháiste agus d'fhéadfadh sé seo impleachtaí a bheith aige d'iompar agus bulaíocht poitéinsiúil sa scoil.
- Fiú le fuaim an fhóin póca múchta, d'fhéadfaí an fón póca a úsáid chun téacsanna a sheoladh agus d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar smacht ranga.
- D'fhéadfadh úsáid fóin le ceamaraí iontu fadhbanna a chothú maidir le ceisteanna Chaomhnú Leanaí agus Cosaint Sonraí de bharr tógáil, úsáid agus scaipeadh de ghrianghraif mí-chuí. Mura gcomhlíontar polasaí PÚI na scoile tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar smachbhannaí cuí – mar atá leagtha amach thíos san PÚI.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí athbhreithniú rialta ar an PÚI. Sula síneofar é ba chóir an PÚI a léamh go cúramach lena léiriú go dtuigtear agus go nglactar le coinníollach na húsáide.

Cinntoidh an Bord go dtógfaidh an polasaí seo san áireamh na treoirlínte atá leagtha síos sna doiciméidí seo a leanas : Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí agus na Nósanna Imeachta nua Frithbhulaíochta – Ciorclán 0045/2013

Aidhmeanna:

- Chun gach ball den Phobal scoile a chuir ar an eolas faoi úsáid inghlactha leictreonach na scoile
- Chun ionsána agus cur isteach ar fhoghlam na bpáistí a laghdú.
- Chun an scoil a choimeád ina ionad sábháilte, saor ó cibearbhulaíocht, bulaíocht trí théacs, agus chun suíomhanna a sheachaint go mbeadh éad agus deighilt á dtarraingt ar pháiste ag giúrléidí leictreonacha.

Módhanna Imeachta sa Scoil:

- Ní cheadaíonn Bord Bainistíochta na scoile do leanaí giúrléidí leictreonach ar nós Ipad, fóin póca, Ipad, seinnteoirí MP3 arl a thabhairt isteach ar scoil riamh ón mbaile.
- Níl cead giúrléidí nó consóil leictreonacha a thabhairt ar scoil i rith am scoile nó ar thurasanna.
- Más gá do pháiste teagmháil a dhéanamh le baile i rith an lae scoile, déantar é seo tríd an múinteoir ranga/oifig ag úsáid an fón scoile.
- Más gá do thuismitheoirí teachtaireacht práinneach a thabhairt dá pháiste i rith am scoile, caithear é a seo a dhéanamh tríd an fón scoile san oifig.
- Má úsáideann páiste ar bith fón póca taobh istigh de thalamh na scoile, ar thuras scoile nó ar bhus scoile, nó má thugann sé/sí cluiche leictreonach ar scoil, tógfar an fón leis an SIM / cluiche uathu láithreach. Múchfar an gléas/fón, cuirfear tuistí ar an eolas agus ní thabharfar an gléas/fón ar ais don dalta ar feadh 24 uair a chloig. Beidh ar na tuismitheoirí teacht chun an fón a bhailiú. Ma bhrítear an riail seo arís, coinneofar an gléas/fón sa scoil ar feadh seachtaine, cuirfear tuistí ar an eolas agus beidh ar thuismitheoir an gléas/fón a bhailiú ón scoil go pearsanta ag deireadh na seachtaine.
- Má bhíonn cás ann go bhfuil fón/ceamara mí-úsáidte sa scoil/ar thalamh na scoile, nó ar mbus scoile cuirfear an Cód Smachta i bhfeidhm ar leibhéal chéim ard.
- Má mhothaíonn múinteoir go bhfuil ábhar mí-oiriúnach stóráilte ar fhón póca & giúrléidí leictreonacha, beidh ar an dalta/daltaí an fón/na fóin a

thabhairt don Phríomhoide ar an bpointe agus iarrfar ar thuismitheoirí iad a bhailiú ón scoil.

Ábhar an Pholasáí

Bainfidh an scoil leas as roinnt straitéisí chun cur leis na deiseanna foghlama agus chun na baoil a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú.

Go ginearálta:

- Beidh múinteoir **i gcónaí** ag maoirsiú na seisiúin/ranganna.
- Bainfear leas as bogábhar scagtha chun na baoil a laghdú go noctfaí ábhar mí-oiriúnach do dhaltaí lena n-áirítear ábhar mídhleathach, gáirsiúil, nó go bhfuil sé i gceist cur isteach ar nó imeagla a dhéanamh ar dhuine eile.
- Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le hábhair Sábháilteachta Idirlín.
- Ní cheadófar íoschóipeail nó uaslóideáil a dhéanamh ar bhogearraí nach mbeidh ceadaithe.
- Bainfear leas as bogábhar cosanta víris agus déanfar nuashonrú air go rialta.
- Cloífidh na daltaí le béasa Idirlín i gcónaí agus ní dhéanfaidh said aon rud a tharraingeodh droch-cháil ar an scoil.
- D'fhéadfadh an scoil féachaint ar na ríomhairí agus monatóireacht a dhéanamh ar na suíomhanna go bhfuil cuairt tugtha orthu.

An Gréasán Domhanda

- Is chun críocha oideachasúla amháin a bhainfear úsáid as an Idirlín

Gréasan Scoile

- Tabharfar deis do na daltaí tionscnaimh, obair ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an nGréasan Scoile.
- Déanfaidh múinteoirí ainmnithe, i gcomhar leis an bpríomhoide, bainistiú ar fhoilsiú ábhair ar shuíomh gréasáin na scoile.
- Díreoidh grianghraif dhigiteacha, clipeanna éisteachta is físe de dhaltaí ar ghrúpaí seachas daltaí ina naonar.
- Ní fhoilseofar ainmneacha na ndaltaí in aice a ngriangraf
- Ní fhoilseofar aon eolas pearsanta faoi dhalta, seoltaí baile ná sonraí teagmhála ar Shuíomh Idirlín.
- Ní fhoilseofar liostaí Ranga

Reachtaíocht

Soláthróidh an scoil eolas ar na hachtanna/ reachtaíochtaí seo a leanas maidir le h-úsáid an Idirlín :

- o An tAcht um Ghainneáil ar leanaí agus Pornagrafaíocht leanaí 1998
- o An tAcht Tascartha 1993
- o An tAcht um Fhístaiheadtaí 1989
- o An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 (Leasú), 2003
- o Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2018

Is féidir teacht ar chóipeanna de na hachtanna seo ó Oifig Fhoilseacháin an Rialtais agus ar Shuíomh Idirlín an rialtais www.gov.ie.

Struchtúir Thacaíochta

I measc na n-acmhainn a úsáidfear chun an clár a chur i bhfeidhm tá:

Fiseán ar Airdeall Sábháilteachta Idirlín an Ionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachais (NCTE)

Úsáid a bhaint as rannóg na Leanaí ar an suíomh ghréasáin www.webwise.ie

Clár Oideachais agus Eiseamláire d"Airdeall ar Shábháilteacht don Idirlín SAFT – www.saft.ie

Aoichainteoir a thabhairt isteach i gcomhair Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte (Mí Feabhra) chun labhairt leis na hardranganna.

Scagadh:

Téarma is ea Scagadh a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an tslí a cuirtear teorainn le hábhair atá ar Leathanaigh Ghréasáin, ríomhphoist, seomraí comhrá, agus uirlisí cumarsáide leictreonacha eile a bhféadfaí cur os comhair an úsáideora. Cuirtear seirbhís Idirlín Gaelscoil Uí Drisceoil ar fáil ón NCTE amháin, tríd an Líonra Leathain Scoileanna (Schools Broadband Network). Is é an aidhm atá leis an tseirbhís seo ná scagadh idirlíne a chur ar fáil do scoileanna, leabharlanna, gníomhaireachtaí rialtais agus gní-fiontair de gach cinéal. Ciallaíonn sé seo go ndéantar scagadh ar gach Suíomh Idirlín a aimsítear tríd an Líonra Banda Leathan Scoileanna, le cinntiú go bhfuil cosc curtha ar shuíomh neamhoiriúnacha agus go dtaispeántar teachtaireacht "Cosc ar an leathanach idirlíne seo". Níl aon scagadh 100% cruinn. Is é airdeall an mhúinteora an uirlis is éifeachtaí agus caithear an

córas maoirseachta fé mar atá leagtha amach thuas a chur i bhfeidhm i gcónaí.

Freagrachtaí Bhaill Fóirne Ghaelscoil Uí Drisceoil

1. Leanfaidh baill fóirne na scoile na treoracha atá leagtha amach sa pholasaí Úsáide Inghlactha seo.
2. Síneoidh Baill fóirne an Fhoirm Iarratais a deireann go bhfuil na treoracha léite, agus go dtuigeann sé/sí na treoracha go léir agus go bhfuil sé/sí sásta cloí leis na treoracha go léir, agus go nglacann siad freagracht dá gcuid gníomhaíochtaí.
3. Déanfaidh siad maoirseacht nuair a bhíonn an Idirlíon in úsáid ag na daltaí.
4. Taispeáinfidh siad conas teicneolaíocht a úsáid i gceart i suíomh scoile.
5. Coimeádfaidh siad fócas ar an gCuraclam scoile.
6. Cinnteoidh siad go bhfuil foirm PÚI ceada sínithe ag na daltaí sula scaoiltear leo ar an Idirlíon.
7. Coimeádfaidh siad an focal faire don úsáideoir faoi rún.
8. Cinnteoidh siad go bhfuil an ríomhaire in úsáid go dleathúil mar atá ceadaithe ag ceadúnas an bhogábhair
9. Ní chuirfidh siad aon bhogábhar ar ríomhaire nó líonra scoile nach bhfuil ceadaithe ag an Ball Fóirne le freagracht ICT, nó an Príomhoide
10. Ní lorgóidh siad, ní sheolfaidh said agus ní ghlacfaidh siad le hábhair nach bhfuil i gcomhréir le misean, éiteas agus luachanna Gaelscoil Uí Drisceoil.
11. Bíonn ar bhaill foirne a gutháin a choinneáil ina dtost i rith uaireanta scoile. Déanfar glaochanna nó téascanna i rith am sosa nó am lóin amháin. Bíonn eisceachtaí i gcás go bhfuil ball foirne ag súil le glaoch práinneach msh. Nuacht faoi dhuine muinteartha atá tinn.
12. Coinneófaí úsáid fóin póca baill foirne chomh íseal agus is féidir agus go ndéanfaí/ nglacfaí le glaochanna in áit nach bhfuil páistí i lathair.
13. Iarrtar ar mhúinteoir a bhfón a chur ar siúl nuair atá siad ar thuras scoile ionas gur féidir leis an scoil dul i dteagmháil leo más gá.
14. Ní thugann baill foirne a gcuid uimhreacha fóin féin do dhaltaí nó do thuismitheoirí/ caomhnóirí.
15. Níl cead ag aon múinteoir bheith cairdiúl le thuismitheoir ar na meáin shóisialta ar nós facebook nó whatsapp.

Feagrachtaí pobal na scoile uile i leith na hIdirlíne:

Tá dualgas ar gach uile pháiste cloí le rialacha na scoile i dtaobh na hIdirlíne.

1. Lorgóidh mé cead sula rachaidh mé isteach ar aon suíomh gréasáin, mura bhfuil cead tugtha ag an mhúinteoir roimh ré.
2. Ní thabharfaidh mé bog-dioscaí/uirlis stórála sheachtrach mar uirlis phinn isteach ar scoil.
3. Ní thabharfaidh mé RIAMH seoladh, uimhir guthán duine ar bith eile amach ar an idirlíon, agus ní thabharfaidh mé aon eolas eile faoi dhuine ar bith, gan chead ón duine sin agus ó mo mhúinteoir.
4. Má fheicim aon rud nach bhfuilim sásta leis nó má fhaighim teachtaireacht nach dtaitníonn liom, cuirfidh mé in iúl é láithreach do mo mhúinteoir, nó an mhúinteoir i bhfeighil an ranga.
5. Ní bhainfidh mé úsáid as comhrá idirlín.
6. Tuigim go bhféadfadh an scoil féachaint ar mo chomad ar an ríomhaire agus monatóireacht a dhéanamh ar na suíomhanna ar thug mé cuairt orthu.
7. Ní mór aire chúí a thógaint nach gcailltear nó nach mbristear fearas leictreonach na scoile. Lean an polasaí seo i gcónaí.
8. Ní mór clúdach cosanta chomh maith le huimhir aitheantais, mar shampla A1, a bheith ar gach iPad i gcónaí ionas gur féidir linn an té a bhí á úsáid a aithint láithreach nó aon cheann atá in easnamh a aimsiú arís gan mhoill.
9. Ba chóir go mbeadh an ceallaire lán gach maidin. Cinnteoidh baill de Chomhairle na nDaltaí go bhfuil na 32 iPad curtha isteach i gceart sa dá thaisceadán ag luchtú gach tráthnóna. Beidh an mhúinteoir tacaíochta foghlama atá lonnaithe sa seomra taobh le seomra na ríomhairí i bhfeighil ar an dá bhosca iPadanna.
10. Úsáid cirt bhog agus táirge ghlanadh mollta chun an scáileán a ghlanadh.
11. Fág an iPad sa taisceadán ach amháin nuair atá sé in úsáid sa rang.
12. Ní mór aon damáiste, cur isteach nó fadhbanna le feidhmiú fearas leictreonach a thuairisciú le do mhúinteoir ranga láithreach
13. Ná déan aon aipeanna le hábhar míchuí a híoslódáil. Is é an Fhoireann Inmheánach amháin atá ceaptha le aipeanna nua a chur ar na hIpadanna go léir tríd a ríomhaire féin.
14. Níl cead ag éinne a pasfhocal féin a chur ar aon giuirléid leictreonach scoile.

15. Ná athraigh an cúla nó an spárálaí scáileáin riamh ar aon giuirléid leictreonach scoile.

15. Ná ghlac aon ghrianghraifeanna ar aon giuirléid leictreonach riamh.

16. Ní úsáidfeá giuirléidí leictreonach ach amháin le haghaidh múineadh agus foghlaim. Is uirlis oideachasúil iad agus níl cead ag leanaí na scoile iad a úsáid le linn am sosa nó am lóin nó má tá an rang roinnte amach don lá.

17. Cloífidh gach rang leis an am atá tugtha dóibh ar amchlár na nIpadanna agus am chlár na ríomhairí atá seolta go leictreonach chuig na múinteoirí go léir agus atá crochta ar chlár na bhfógraí sa Seomra Ríomhaireachta.

18. Déanfar maoirseacht cuí ar úsáid na giuirléidí leictreonach sa seomra ranga nuair atá tionscnamh nó obair de shaghas ar bith ar siúl sa rang.

Smachtbhannaí

Má bhrítear rialacha na scoile mar a bhaineann leis an bPolasaí Úsáide Inghlactha beidh gníomhaíocht smachta mar thoradh air. Ina measc beidh tarraingt siar pribhléidí, rochtana agus i gcásanna tromchúiseacha fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag an scoil freisin aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú chuig na húdaráisí chuí.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí Úsáide Inghlactha seo i Mí Eanáir 2019.

Sínithe: _____ Sínithe: _____

Cathaoirleach an Bh.

Príomhoide/Runaí an Bh.

Dáta: _____

Dáta: _____

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí seo i Mí Eanáir 2021.

Gaelscoil Uí Drisceoil: Foirm Cheada Idirlín

Féach le do thoil ar an bPolasaí Úsáide Inghlactha, sínigh agus cuir ar ais an fhoirm seo chuig an bPríomhoide

Please read through the Acceptable Use Policy, sign and return this permission form to the Principal. **Ainm an Dalta:**

Pupil's Name: _____

Rang: Class: _____

Comhaontaím, thar cheann mo pháiste/páistí Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile a leanúint maidir le húsáid an Idirlín. Bainfidh mo pháiste/páistí úsáid as an Idirlín ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mo pháiste/páistí na rialacha ar fad atá leagtha síos sa PÚI (Polasaí Úsáide Inghlactha).

I agree, on behalf of my child/children that they will follow the School's Acceptable Use Policy with regard to the use of the Internet. My child/children will use the Internet in a responsible way and they will follow the rules as outlined in the AUP (Acceptable Usage Policy)

Tuismitheoir/Caomhnóir/ Parent/Guardian

Mar thuismitheoir/Caomhnóir dlíthiúil an dalta thuas, tá an Polasaí Úsáide Inghlactha léite agam agus tugaim cead do mo mhac/iníon rochtain a dhéanamh ar an Idirlín. Tuigim go bhfuil rochtain Idirlín leagtha amach chun críocha oideachais. Tuigim freisin go bhfuil gach reamhchúram réasúnach glactha ag an scoil chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach ní féidir freagracht a bheith ar an scoil má dhéanann daltaí rochtain ar ghréasáin mhí-oiriúnacha.

As Parent/legal Guardian of the above pupil, I have read the Acceptable Use Policy and allow my son/daughter to use the Internet. I understand that searching on the Internet is for educational use. I also understand the school is taking every reasonable precaution to ensure Internet Safety, but that the school cannot be responsible if a pupil accesses unsuitable sites.

Glacaim leis an t-eolas thuas : I accept the above information

Síniú: Dáta:

Signed: _____ Date: _____

Seoladh:

Fón:

Address: _____ Phone: _____

Ní ghlacaim leis an t-eolas thuas: I don't accept the above information

Síniú: Dáta:

Signed: _____ Date: _____

Seoladh:

Fón:

Address: _____ Phone

Maidir le : Foirm Cheada Idirlín

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, Mar chuid de chlár oideachais na scoile tairgimid rochtain faoi mhaoirsiú do dhaltaí ar an Idirlíon. Tabharfaidh sé seo rochtain ar go leor achmhainní oideachais ar-líne do dhaltaí agus creidimid go gcuirfidh sé seo go mór le taithí foghlama na daltaí. Mar sin féin, caithfidh an t-úsáideoir agus an scoil a bheith freagrach i rochtain agus in úsáid an Idirlín. Cuirtear síos ar na freagrachtaí seo i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile (faoi iamh). Tá sé tábhachtach go léitear an cháipéis seo go cúramach, go síneoidh tuismitheoir nó caomhnóir í agus go seoltar ar ais chuig an scoil í.

Cé go ndéanann an scoil na bearta cearta chun úsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, tá a fhios aici gur féidir le daltaí rochtain trí thimpiste nó d'aon turas a fháil ar ábhar míchuí nó ábhar conspóideach. Tá meas ag an scoil ar chearta an teaghlaigh a chinneadh cead a thabhairt dá leanaí rochtain a fháil ar an Idirlíon mar a shonraítear i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile nó gan cead a thabhairt. I ndiaidh na téarmaí i mBeartas Úsáide Inghlactha na scoile a léamh, b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh smaoineamh ar úsáid an Idirlín sa bhaile, agus féachaint chuige má tá aon bhealach gur féidir leat é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin.

Le dea-mhéin _____

Siobhán Ní Chatháin

Príomhoide

Auguisín: Freagrachtaí Bhaill Foirne Ghaelscoil Uí Drisceoil i leith na hidirlíne

1. Leanfaidh baill foirne na scoile na treoracha atá leagtha amach sa pholasáí Úsáide Inghlactha seo.

2. Síneoidh Baill foirne an Fhoirm Iarratais a deireann go bhfuil na treoracha léite, agus go dtuigeann sé/sí na treoracha go léir agus go bhfuil sé/sí sásta cloí leis na treoracha go léir, agus go nglacann siad freagracht dá gcuid gníomhaíochtaí.

3. I gcás go bhfuil taighde ar ábhar ar leith á dhéanamh sa rang ar na hIpadanna beidh ullmhúchán cuí déanta ag an múinteoir ar an ábhar roimhré chun na leanaí a threorú chuig liosta suíomhanna nó nascanna ina bhfuil eolas oiriúnach do na leanaí ar fáil. Déanfar é seo chun an baol go dtiocfaidh na leanaí ar ábhair mí-oiriúnach a sheachaint. Déanfaidh an múinteoir maoirseacht nuair a bhíonn an Idirlíon in úsáid ag na daltaí.

4. Taispeáinfaidh siad conas teicneolaíocht a úsáid i gceart i suíomh scoile.

5. Coimeádfaidh siad fócas ar an gCuraclam scoile.

6. Cinnteoidh siad go bhfuil foirm PÚl ceada sínithe ag na daltaí sula scaoiltear leo ar an Idirlíon.

7. Coimeádfaidh siad an focal faire don úsáideoir faoi rún.

8. Cinnteoidh siad go bhfuil an ríomhaire in úsáid go dleathúil mar atá ceadaithe ag ceadúnas an bhogábhair

9. Ní chuirfidh siad aon bhogábhar ar ríomhaire nó líonra scoile nach bhfuil ceadaithe ag an Ball Foirne le freagracht ICT, nó an Príomhoide

10. Ní lorgóidh siad, ní sheolfaidh said agus ní ghlacfaidh siad le hábhair nach bhfuil i gcomhréir le misean, éiteas agus luachanna Gaelscoil Uí Drisceoil.

Úsáid Inglactha

· Tá Ríomhairí agus líonra Ghaelscoil Uí Drisceoil le bheith úsáidte i mbealach freagrach, éifeachtach, eiticíúil agus dleathach a thacaíonn aidhmeanna oideachasúla na scoile.

· Tá ceart ag Bainistíocht na scoile monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid seo.

· Ceadaítear na ríomhairí a úsáid do úsáid phearsanta ó am go ham chomh fada is nach gcuireann an úsáid sin isteach ar fhreagrachtaí, dhualgaisí agus comhlíonadh dhualgaisí, nó ar fheidmiú an chórais nó ar úsáideoirí eile an chórais. Ciallaíonn “úsáid phearsanta ó am go h-am” ná “úsáid a bhaineann oibrí aonarach as na ríomhairí chun teachtaireachtaí pearsanta a chuir ó am go ham”.

· Cuirtear i gcuimhne d’fhostaithe go mbeidh orthu cloí leis an bpolasaí seo agus aon pholasaithe eile nó módhanna imeachta a bhaineann leis seo i gcás “úsáid phearsanta ó am go h-am”, agus nach féidir é seo a dhéanamh ach taobh amuigh de amanta oifigiúla oscailte na scoile

Úsáid nach bhfuil ceadaithe

Clúdaíonn sé seo na rudaí a leanas, ach níl sé teoranta leo:

1. Ag teacht ar, ag cuir ar aghaidh nó ag glacadh le h-ábhair pornografaiciúil.
2. Ag glacadh páirte i gcneamhaireacht nó bradáil "cyber" . Ciallaíonn bradáil ná go dtógann duine ábhar a chuir duine/daoine eile le chéile agus ag ligint orthu gur uathu féin a tháinig sé.
3. Ag dul ar an Idirlíon chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nach mbaineann leis an scoil, mar shampla, bheith gníomhach i seomraí cainte, bheith ag glacadh páirt i teachtaireachtaí láithreach, ag cuir suas nó ag líonadh amach foirmeacha le eolas príomháideach nó pearsanta fút féin nó faoi dhuine eile.
4. Ag íoslódáil nó ag lódáil bogábhar nó fheidhmeanna gan chead ón bPríomhoide

Is treoir ginearálta na samplaí thuas de na h-úsáidí nach bhfuil ceadaithe, ach ní chlúdaíonn siad gach gníomhaíocht nach bhfuil ceadaithe sa scoil. Má tá ceisteanna ag baill fóirne faoi ghníomhaíocht atá /nach bhfuil ceadaithe, ba chóir dó/di tuilleadh treoir a lorg ón bPríomhoide.

Toradh ar an bPÚI

Is pribhléid é bheith in ann achmhainní teicneolaíochta Ghaelscoil Uí Drisceoil a úsáid. I gcás nach gcloífear leis na treoirlínte, nó go núsáidfear an teicneolaíocht i mbealach neamhoiriúnach nó neamheiticíúil, cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm, mar shampla, pribhléidí a bhaint maidir le h-úsáid na hidirlíne, gníomhaíocht smachtúil nó gníomhaíocht oiriúnach dleathúil.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go bliantúil nó mar a thagann achtanna amach a bhaineann leis. Cuirfear aon phairtnéirí lena mbaineann sé ar an eolas faoi aon athraithe ann i ndiaidh athbhreithniú.

Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhar le tuismitheoirí, foireann mhúinteoireachta agus Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Drisceoil agus glacadh leis ina dhiaidh sin ag cruinniú an Bhoird:

Sínithe _____ Cathaoirleach

Comhsínithe _____ Rúnaí

Dáta: _____

Athbhreithniú

Sínithe: _____ Cathaoirleach

Comhsínithe: _____ Rúnaí

Dáta: _____

Breis Eolais: Tabhair faoi deara go bhfuil polasaithe uile na scoile ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile:

Foirm Glacadh don bPÚI Foirne

Seol ar ais chuig an bPríomhoide é le do thoil

Ainm: _____

Post ar an bhFoireann: _____

Tá PÚI Ghaelscoil Uí Drisceoil léite agam.

Tuigim é agus cloífidh mé leis.

Tuigim go bhfuil aon bhriseadh de choinníollacha an pholasaí seo neamheiticiúil agus seans go bhfuil sé i gcoinne an dlí chomh maith.

Má sháraím an polasaí i mbealach ar bith, tuigim go bhfuil seans go mbainfí mo phribhléidí úsáide uaim agus b'fhéidir go dtógfaí gníomhaíocht oiriúnach smachtúil nó/agus dleathúil i mo choinne.

Síniú: _____

Dáta: _____